Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10386/26**

**STATIS 50**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 270 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE ar na 'Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh' a dhéanann na Ballstáit mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 270 final.

Faoi iamh: COM(2026) 270 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2026
COM(2026) 270 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## ar na 'Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh' a dhéanann na Ballstáit mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**ar na 'Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh' a dhéanann na Ballstáit mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009**

# 1. RÉAMHRÁ

## 1.1. Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le Staidreamh Eorpach

Rinneadh an tuarascáil seo a tharraingt suas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le Staidreamh Eorpach, arna leasú, agus arna leasú le deireanach le Rialachán (AE) 2024/3018,[1] go háirithe Airteagal 11(4), lena ndéantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

*'Maidir leis na Gealltanais ag na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún faireachán go tráthrialta orthu ar bhonn tuarascálacha bliantúla a sheolfaidh na Ballstáit agus tabharfar cothrom le dáta iad de réir mar is gá... Faoin 9 Meitheamh 2018 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na Gealltanais arna bhfoilsiú agus, i gcás inarb iomchuí, tuarascálacha ar dhul chun cinn.'*

Cumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse ó mhí Eanáir 2024 go mí na Nollag 2025 ('an tréimhse thuairiscithe seo' anseo feasta). Is in 2018,[2] 2020,[3] 2022[4] agus 2024[5] a foilsíodh na tuarascálacha roimhe seo.

## 1.2. Gealltanas maidir le Muinín as Staidreamh

De réir Airteagal 11(3) den Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, '*Glacfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún gach beart is gá chun muinín sa Staidreamh Eorpach a choimeád. Chuige sin, le "Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh", díreofar tuilleadh ar a áirithiú go mbeidh muinín ag an bpobal as an Staidreamh Eorpach agus díreofar ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme phrionsabail an staidrimh atá sa Chód Cleachtais*.'

Bunaíodh na Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh (na Gealltanais) mar chuid den chuspóir chun an creat le haghaidh bainistiú cáilíochta i réimse an staidrimh a neartú.[6] Is sásra iad chun rialtais a dhéanamh rannpháirteach an t-am ar fad chun freagracht a ghlacadh as leibhéal comhlíonta a dtíortha le Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh (an Cód Cleachtais).[7]

Leis an gCód Cleachtais, cruthaíodh an tagarmharc chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Cuimsíonn sé 16 phrionsabal lena gcumhdaítear an comhshaol institiúideach, próisis staidrimh agus aschur staidrimh. Is é is príomhchuspóir dó a áirithiú go gcomhlíonann an staidreamh a tháirgtear sa Chóras Staidrimh Eorpach (CSE) ní hamháin critéir

[1] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

[2] COM(2018) 516 final

[3] COM/2020/278 final

[4] COM/2022/333 final

[5] COM(2024) 390 final

[6] COM (2011) 211 final

[7] Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh – eagrán athbhreithnithe 2017 - Catalóga Táirgí - Eurostat (europa.eu)

cháilíochta, ach prionsabail eile freisin, amhail neamhspleáchas gairmiúil, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht.

Luaitear in Aithris 17 de Rialachán Leasaitheach (AE) 2015/759[8], *'go bhféadfaí cáilíocht an Staidrimh Eorpaigh a neartú agus muinín na n-úsáideoirí a threisiú, trí fhreagracht a chur ar na rialtais náisiúnta as an gCód Cleachtais don Staidreamh Eorpach (an Cód Cleachtais) a chur i bhfeidhm. Chuige sin, ba cheart go n-áireofaí in "Gealltanas maidir le Muinín as Staidreamh" (Gealltanas) ag Ballstát, agus sainiúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh, gealltanais shonracha ó rialtas an Bhallstáit sin na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Chóid Cleachtais a fheabhsú nó a chaomhnú. D'fhéadfaí a chur san áireamh sa Ghealltanas, ar cheart é a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá, creataí náisiúnta dearbhaithe ardcháilíochta, lena n-áirítear féinmheasúnuithe, gníomhaíochtaí feabhsaithe agus sásraí faireacháin.'*

## 2. Forléargas ar na Gealltanais maidir le Muinín agus Tuarascálacha ó na Ballstáit

Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar na gníomhaíochtaí sonracha a rinne na Ballstáit le linn na tréimhse tuairiscithe sin chun muinín as Staidreamh Eorpach a choinneáil ar bun agus chun feabhas a chur ar na coinníollacha maidir leis an gCód Cleachtais a chur chun feidhme.

### 2.1. Foirm an Ghealltanais

Ní leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 rialacha maidir leis an bhfoirm ba cheart a bheith ar an nGealltanas. Mar sin féin, ní mór an cuspóir maidir le muinín an phobail a choinneáil ar bun trí bhíthin gealltanas rialtais chun na coinníollacha a chruthú le haghaidh staidreamh ardcháilíochta a bhaint amach.

Mar a deirtear sna tuarascálacha roimhe seo ón gCoimisiún i ndáil le Gealltanais maidir le Muinín na mBallstát, an ceann is déanaí in 2024,[9] measann formhór na mBallstát gurb iad a nGealltanais codanna áirithe dá reachtaíocht. Le leasuithe ócáideacha ar an reachtaíocht sin le linn na tréimhse tuairiscithe sin, mar a tuairiscíodh don Choimisiún, léirítear feasacht leanúnach na mBallstát ar an tábhacht a bhaineann le muinín an phobail as staidreamh. Ar an iomlán, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil méadú beag tagtha ar an líon Ballstát a bhfuil Gealltanais neamhspleácha tarraingthe suas acu thar na blianta, agus Gealltanas aonair nua arna bhunú ag tír amháin in CSE agus Gealltanas neamhspleách amháin atá ann cheana arna athnuachan ag tír eile le linn na tréimhse tuairiscithe sin.

### 2.2. Ról athbhreithnithe piaraí agus tuarascálacha cáilíochta CSE

Is gné athfhillteach iad athbhreithnithe piaraí agus tuarascálacha cáilíochta CSE i dtuarascálacha na mBallstát i ndáil le Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh.

#### 2.2.1. Athbhreithnithe piaraí CSE – cloí leis an gCód Cleachtais

Is é is aidhm don CSE, ina gcomhoibríonn Eurostat agus údaráis staidrimh náisiúnta Bhallstáit an Aontais agus thíortha an Limistéir Saorthrádála Eorpaigh, staidreamh Eorpach ardcháilíochta a tháirgeadh. Chun staidreamh ar ardcháilíocht a ráthú, chruthaigh CSE creat coiteann cáilíochta[10] a bhfuil an Cód Cleachtais mar bhunchloch aige. Déantar measúnú tréimhsiúil trí athbhreithnithe piaraí CSE ar chomhlíontacht na n-údarás staidrimh náisiúnta leis an tsraith

[8] Rialachán (AE) 2015/759 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le Staidreamh Eorpach (IO L 123, 19.5.2015, lch. 90).
[9] COM(2024) 390 final.
[10] Creat um Dhearbhú Cáilíochta - Cáilíocht - Eurostat.

iomlán de phrionsabail agus de tháscairí an Chóid Chleachtais. Rinneadh babhtaí athbhreithnithe piaraí CSE roimhe seo idir 2006 agus 2008, agus idir 2013 agus 2015. I mí na Bealtaine 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún torthaí an tríú babhta d'athbhreithnithe piaraí CSE, lena gcumhdaítear an tréimhse 2021-2023.[11] Tá na tuarascálacha athbhreithnithe piaraí aonair ar shuíomh gréasáin Eurostat.[12]

Is sásra ríthábhachtach iad athbhreithnithe piaraí CSE chun inchreidteacht agus iontaofacht na gcóras staidrimh a neartú ar fud na mBallstát. Cuireann siad cur chuige struchtúrtha ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeán bunaithe agus chun réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a shainaithint. Bhí dhá chuspóir ag an mbabhta athbhreithnithe piaraí is déanaí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar ailíniú CSE leis an gCód Cleachtais chun a léiriú gur córas é atá bunaithe ar phrionsabail an Chóid Cleachtais;
- cuidiú le hoifigí staidrimh náisiúnta agus le húdaráis náisiúnta eile feabhas a chur ar chórais náisiúnta staidrimh agus iad a fhorbairt a thuilleadh trí mholtaí a dhéanamh a bheidh dírithe ar an todhchaí; an tráth céanna, ba cheart dóibh údaráis rialtais a spreagadh chun tacú le cur chun feidhme na moltaí sin.

I bhfianaise an dara cuspóir, bhí páirtithe leasmhara atá lasmuigh den chóras náisiúnta staidrimh rannpháirteach in athbhreithnithe piaraí CSE, amhail comhlachtaí rialtais, lena n-áirítear an fhéidearthacht moltaí a eisiúint atá dírithe orthu, d'fhonn iad a spreagadh le tacú leis na torthaí a sainaithníodh le linn na n-athbhreithnithe.

I dtuarascálacha na mBallstát chuig an gCoimisiún don tréimhse thuairiscithe sin, leag siad uile béim ar an ról mór atá ag athbhreithnithe piaraí CSE maidir le bearnaí a shainaithint agus an acmhainneacht chun a gcreataí staidrimh a neartú. Thug siad dá n-aire gur cuid ríthábhachtach den phróiseas athbhreithnithe piaraí iad gníomhaíochtaí leantacha feabhsúcháin, lena n-áirithítear go gcuirfear na moltaí a eascraíonn as na hathbhreithnithe chun feidhme go héifeachtach.

### 2.2.2. Tuarascálacha cáilíochta

Tá ról ríthábhachtach ag tuarascálacha cáilíochta ar tháirgí staidrimh maidir le feabhas a chur ar phróisis staidrimh agus sláine an staidrimh a áirithiú. Ina dtuarascálacha chuig an gCoimisiún le haghaidh na tréimhse tuairiscithe sin, leag roinnt Ballstát béim ar an tábhacht a bhaineann le tuarascálacha cáilíochta le haghaidh feabhsú agus measúnú cáilíochta córasach.

Thuairiscigh roinnt Ballstát go raibh caighdeáin agus táscairí cáilíochta aonfhoirmeacha comhtháthaithe acu i gcórais phróiseála staidrimh le blianta beaga anuas, rud a chuir le heolas ar ábhair a bhaineann le cáilíocht trí oiliúint. Leagtar béim sna hiarrachtaí sin ar an ról ríthábhachtach atá ag tuarascálacha cáilíochta maidir le muinín as staidreamh oifigiúil a neartú agus freastal ar bhreithnithe teicneolaíochta agus modheolaíochta atá ag teacht chun cinn.

[11] Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - SWD(2024)136 (europa.eu).

[12] An tríú babhta (2021-2023) - Eurostat (europa.eu)..

### 2.3. Gníomhaíochtaí sonracha arna ndéanamh go náisiúnta chun muinín as staidreamh Eorpach a choinneáil ar bun agus chun feabhas a chur ar na coinníollacha chun an Cód Cleachtais a chur chun feidhme

Sna tuarascálacha a sheol na Ballstáit chuig Eurostat, sonraíodh gníomhaíochtaí straitéiseacha éagsúla a rinneadh go náisiúnta chun feabhas a chur ar chórais staidrimh. Léiríonn siad sin raon leathan iarrachtaí arb é is aidhm dóibh oiriúnú do dhúshláin atá ag teacht chun cinn, modheolaíochtaí a bheachtú, an úsáid is fearr a bhaint as an teicneolaíocht agus a áirithiú go gcomhlíonann aschuir staidrimh éilimh na n-úsáideoirí go héifeachtach.

#### 2.3.1. Gníomhaíochtaí cumarsáide

Ina dtuarascálacha chuig an gCoimisiún le haghaidh na tréimhse tuairiscithe sin, liostaigh na Ballstáit gníomhaíochtaí cumarsáide éagsúla a bhí dírithe ar litearthacht staidrimh agus úsáid sonraí oifigiúla a mhéadú. I measc na dtionscnamh sa réimse sin bhí cláir oideachais agus ceardlanna a ceapadh chun cuidiú le lucht féachana éagsúil tuiscint níos fearr a fháil ar mhodhanna staidrimh agus sonraí a léirmhíniú.

Díríodh freisin ar an leas is fearr a bhaint as ardáin na meán sóisialta chun faisnéis staitistiúil a scaipeadh go forleathan agus go héifeachtach. Úsáidtear na hardáin sin chun teacht ar phobal níos leithne le nuashonruithe tráthúla agus ábhar tarraingteach lena n-éascaítear idirghníomhaíocht agus plé.

Thug roinnt Ballstát tosaíocht d’fhor-rochtain ar iriseoirí, agus ar an gcaoi sin aithníodh a thábhachtaí atá sé faisnéis chruinn a scaipeadh. Áiríodh i dtionscnaimh na mBallstát seisiúin faisnéise agus ceardlanna spriocdhírithe d’iriseoirí chun a áirithiú go bhfuil an tuiscint agus na hacmhainní is gá acu chun tuairisciú cruinn cuimsitheach a dhéanamh ar shonraí staidrimh.

Léiríonn gníomhaíochtaí na mBallstát le linn na tréimhse tuairiscithe sin gur féidir le mol muiníne agus trédhearcachta a chruthú ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás staidrimh a bheith ina bhealach maith chun faisnéis ábhartha faoi ghnéithe ríthábhachtacha den táirgeadh staidrimh a chur ar fáil, lena n-áirítear faisnéis faoi ábhair mhodheolaíochta agus rúndacht.

Le linn na tréimhse tuairiscithe sin, rinne na Ballstáit a lán oibre freisin chun cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) an úsáid is fearr a bhaint as staidreamh. Trí thacaíocht agus faisnéis staitistiúil shaincheaptha a chur ar fáil, bhí sé d’aidhm ag na Ballstáit cuidiú le FBManna sonraí a úsáid chun cuidiú leo cinntí gnó a dhéanamh. Chuidigh sé sin le FBManna a bheith athléimneach ó thaobh an gheilleagair de agus chun méadú.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do léirmhíniú agus d’úsáid eisiúintí staidrimh, dhírigh na Ballstáit ar mheiteashonraí cuimsitheacha a chur ar fáil. Bhí na meiteashonraí sin ag gabháil le foilseacháin staidrimh agus rinneadh modheolaíochtaí, foinsí agus teorainneacha sonraí a shoiléiriú leo, rud a mhéadaigh trédhearcacht agus a chuidigh le páirtithe leasmhara na sonraí a thuiscint agus a úsáid go héifeachtach.

D’fhéadfadh tionscnaimh den sórt sin muinín an phobail i ngníomhaíochtaí údarás aonair agus i staidreamh oifigiúil i gcoitinne a neartú.

#### 2.3.2. Gníomhaíochtaí a bhaineann le sástacht úsáideoirí agus for-rochtain

Dhírigh na Ballstáit ar shástacht úsáideoirí a mhéadú agus ar fheabhas a chur ar fhor-rochtain trí mhodhanna suirbhé nuálacha agus trí iarrachtaí spriocdhírithe le haghaidh grúpaí úsáideoirí éagsúla. Feictear don Choimisiún go bhfuil treocht ann ina bhfuil suirbhéanna ar shástacht úsáideoirí ag éirí níos coitianta ar an leibhéal náisiúnta, agus cleachtais nuálacha amhail micreashuirbhéanna á gcur chun feidhme. Leis na suirbhéanna níos lú agus níos minice sin,

cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit léargais thráthúla a bhailiú ar aiseolas ó úsáideoirí, rud a fhágann gur féidir coigeartuithe sofhreagrúla agus freagairtí a thabhairt ar riachtanais agus ar ábhair imní úsáideoirí.

Thuairiscigh na Ballstáit freisin ar ghníomhaíochtaí for-rochtana leathnaithe chun raon leathan grúpaí úsáideoirí a chur san áireamh, agus riachtanais agus ionchais éagsúla ar fud na n-earnálacha á n-aithint acu. Bhí grúpaí sonracha rannpháirteach, amhail taighdeoirí, oideoirí, gnólachtaí agus lucht ceaptha beartas, agus fuair siad faisnéis staitistiúil shaincheaptha dá leasanna agus dá riachtanais shonracha.

Thuairiscigh na Ballstáit freisin ar a gcur chuige réamhghníomhach maidir le teagmháil dhíreach a dhéanamh le húsáideoirí trí cheardlanna, fóraim agus painéil chomhairleacha.

Bhí sé d'aidhm ag na gníomhaíochtaí sin uile ardáin a chruthú le haghaidh idirphlé agus aiseolais, rud a thabharfadh deiseanna d'úsáideoirí a riachtanais agus a roghanna a bhaineann le sonraí agus seirbhísí staidrimh a chur in iúl, agus ar an gcaoi sin muinín as staidreamh a mhéadú.

### 2.3.3. Gníomhaíochtaí a bhaineann le trédhearcacht agus comhlachtaí comhairleacha

I measc thionscnaimh na mBallstát arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoin trédhearcacht bhí cumarsáid níos soiléire a dhéanamh le páirtithe leasmhara maidir le modheolaíochtaí, foinsí sonraí agus teorainneacha, ionas gur féidir leo aschuir staidrimh a thuiscint agus a léirmhíniú go héasca.

Tugann an Coimisiún dá aire gur cruthaíodh agus/nó gur cuireadh feabhas ar chomhlachtaí comhairleacha ar an leibhéal náisiúnta chun trédhearcacht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a neartú a thuilleadh. Chuir na comhlachtaí sin, ina raibh saineolaithe agus ionadaithe ó earnálacha éagsúla, treoraíocht agus aiseolas ar fáil maidir le cláir agus tosaíochtaí na n-údarás staidrimh.

Trí idirphlé idir údaráis staidrimh agus páirtithe leasmhara a éascú, rannchuidíonn comhlachtaí comhairleacha le cinnteoireacht fheasach agus le hailíniú le riachtanais úsáideoirí, agus ar an gcaoi sin neartaítear muinín as staidreamh Eorpach agus ábharthacht agus tionchar foriomlán na ngníomhaíochtaí staidrimh.

### 2.3.4. Gníomhaíochtaí a bhaineann le comhar leis an saol acadúil

Le linn na tréimhse tuairiscithe sin, d'oibrigh na Ballstáit leis an bpobal acadúil, lena n-áirítear ollscoileanna agus institiúidí taighde, chun feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí staidrimh agus chun rochtain ar acmhainní luachmhara sonraí a éascú. Bhí sé d'aidhm ag na comhpháirtíochtaí sin saineolas acadúil sa nuálaíocht mhodheolaíoch a ghiaráil, chun a áirithiú go leanfaidh cineálacha cur chuige staidrimh de bheith láidir, reatha agus ailínithe le dea-chleachtais.

Ba phríomhfhócas é feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí staidrimh, agus ba mhinic a bhí comhthionscadail taighde agus staidéir mhodheolaíochta i gceist le tionscnaimh. Chuidigh an comhar sin le hardteicnící agus arduirlisí a fhorbairt, rud a chuir feabhas ar cháilíocht agus iontaofacht fhoriomlán na sonraí staidrimh.

Mheas na Ballstáit gur tosaíocht í rochtain ar mhicreashonraí i gcomhthéacs an chomhair sin. Bhí na Ballstáit ag obair chun próisis a chuíchóiriú, trí rochtain níos fearr a thabhairt do thaighdeoirí ar thacair sonraí mhionsonraithe chun críoch eolaíoch. Tacaíonn rochtain den sórt sin le cumas an phobail acadúil anailísí cuimsitheacha a dhéanamh agus tuiscint níos leithne a fháil ar fheiniméin shóisialta agus eacnamaíocha.

Léiríonn rannpháirtíocht ghníomhach le hinstitiúidí acadúla tiomantas comhroinnte d'fheabhas leanúnach ar chleachtais staidrimh, trí thacú le timpeallacht atá fabhrach do léargais atá dírithe ar thaighde.

Cuidíonn comhar le hinstitiúidí acadúla le muinín as staidreamh oifigiúil a neartú.

### 2.3.5. Gníomhaíochtaí a bhaineann le for-rochtain ar mhic léinn

Thug na Ballstáit tuairisc ar ghníomhaíochtaí chun mic léinn a spreagadh le bheith níos rannpháirtí agus spéis a bheith acu i staidreamh oifigiúil. Is príomhuirlis for-rochtana iad comórtais staidrimh, arb é is aidhm dóibh spéis agus nuálaíocht a spreagadh i measc daoine óga. Is minic a thugann na comórtais sin dúshlán do mhic léinn anailís a dhéanamh ar shonraí nó réitigh ar dhúshláin staidrimh a mholadh, rud a thugann léargas praiticiúil dóibh ar staidreamh.

Mar shampla, thuairiscigh Ballstát amháin ar chomhdháil idirnáisiúnta athfhillteach ina raibh, den chéad uair, seisiún maidir leis an Máistreacht Eorpach sa Staidreamh Oifigiúil, tionscnamh faoi stiúir Eurostat. Cuidíonn an cineál sin gníomhaíochta le mic léinn eolas cuimsitheach agus scileanna cuimsitheacha a fháil i staidreamh oifigiúil, rud a chuireann feabhas ar a n-ionchais ghairme agus a chuireann le cohórt na saineolaithe staidrimh a bheidh ann amach anseo.

Ceapadh iarrachtaí for-rochtana na mBallstát chun feasacht ar staidreamh oifigiúil a mhúscailt i measc mac léinn agus chun cuidiú leo a thábhachtaí agus a úsáidí atá staidreamh oifigiúil a thuiscint, rud a chothaíonn glúin nua daoine aonair atá liteartha ó thaobh staidrimh de agus atá réidh le rannchuidiú leis an bpobal staidrimh agus níos faide i gcéin.

### 2.3.6. Gníomhaíochtaí a bhaineann le nuachóiriú agus nuálaíocht, laghdú ualaigh agus simpliú i gcórais náisiúnta staidrimh

Thuairiscigh na Ballstáit ar a n-athchóirithe móra chun eagrú agus oibriú a n-údarás staidrimh náisiúnta a nuachóiriú. Bhí an digitiú ar thús cadhnaíochta sna hathchóirithe sin, arbh é ab aidhm dóibh próisis a chuíchóiriú agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht. Le glacadh uirlisí agus ardán digiteach go náisiúnta, tá feabhas á chur ar bhailiú, próiseáil agus scaipeadh sonraí, rud a éascaíonn aschuir staidrimh níos tapúla agus níos cruinne.

Neartaigh na Ballstáit an comhar le comhlachtaí atá i gceannas ar fhoinsí sonraí riaracháin, ar mhaithe le comhtháthú agus úsáid sonraí níos cuimsithí. Tugann na hiarrachtaí sin deis iomarcaíochtaí a laghdú agus feabhas a chur ar cháilíocht an staidrimh.

Leag na Ballstáit béim ar oiliúint foirne mar chuid ríthábhachtach den fheabhsú institiúideach. Le linn na tréimhse tuairiscithe sin, d'infheistigh siad i gcláir forbartha gairmiúla chun feabhas a chur ar scileanna san eolaíocht sonraí, san anailís agus sa bhainistiú digiteach, rud a d'áirithigh go raibh an fhoireann in ann córais agus modheolaíochtaí nuachóirithe a láimhseáil go maith.

Bhí bearta chun rúndacht agus cosaint sonraí pearsanta a áirithiú fós ina bpríomhthosaíocht ag na Ballstáit. Chuir siad bearta agus teicneolaíochtaí diana chun feidhme chun faisnéis rúnda a chosaint, comhlíonadh na rialachán príobháideachais a áirithiú agus muinín an phobail as sláine na gcleachtas staidrimh a choinneáil ar bun.

Le gníomhaíochtaí chun an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú agus chun na próisis a shimpliú, díríodh ar bhailiú sonraí a chuíchóiriú, athúsáid sonraí atá ann cheana a mhéadú, rochtain a fháil ar shonraí riaracháin agus feabhas a chur ar uirlisí tuairiscithe. Bhí sé d'aidhm ag na bearta rochtain a fháil ar shonraí riaracháin trí idirphlé a bhunú le sealbhóirí sonraí agus trí chomhar a chothú. I measc na samplaí eile tá bealaí tuairiscithe iontrála aonair nó ilfhreastail a fhorbairt agus aistrithe sonraí níos uathoibrithe a chumasú (e.g. malartú meaisín le meaisín), mar aon le

bearta níos leithne amhail aiseolas praiticiúil a thabhairt do fhreagróirí chun comhlíonadh a dhéanamh níos simplí agus níos sciobtha.

## 3. Conclúid

Mar a fhoráiltear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le Staidreamh Eorpach, cuidíonn na Gealltanais maidir le Muinín as Staidreamh ó na Ballstáit le muinín an phobail as staidreamh oifigiúil Eorpach a áirithiú agus an dul chun cinn i gcur chun feidhme phrionsabail staidrimh an Chóid Chleachtais a áirithiú.

Léiríonn na gníomhaíochtaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo gealltanas ar fud na mBallstát iontaofacht agus inchreidteacht an staidrimh oifigiúil Eorpaigh a áirithiú.

Tá sé ríthábhachtach muinín an phobail as staidreamh oifigiúil Eorpach a choinneáil ar bun – rud a neartaítear trí ghealltanais leanúnacha ó na Ballstáit tacú le muinín as staidreamh agus an mhuinín sin a mhéadú – chun ábharthacht, inchreidteacht agus sláine leanúnach an Chórais Staidrimh Eorpaigh ina iomláine a áirithiú. Tá sé chomh tábhachtach céanna a chur ar chumas an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo trí chinntí atá bunaithe ar shonraí oibiachtúla agus ar fhianaise fhónta, agus ar an gcaoi sin dlisteanacht dhaonlathach agus cuntasacht an bheartais phoiblí a neartú.